Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**15196/25**
**ADD 1**

**JAI 1640**
**MIGR 413**
**FRONT 266**
**RELEX 1441**
**ASILE 101**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 11 Samhain 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 795 final - ANNEX |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann leis an<br>TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN TUARASCÁIL BHLIANTÚIL EORPACH AR THEARMANN AGUS IMIRCE (2025) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 795 final - ANNEX.

---

Faoi iamh: COM(2025) 795 final - ANNEX

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 11.11.2025
COM(2025) 795 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

*a ghabhann leis an*

# TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN TUARASCÁIL BHLIANTÚIL EORPACH AR THEARMANN AGUS IMIRCE (2025)

**IARSCRÍBHINN**

***a ghabhann leis an***

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN TUARASCÁIL BHLIANTÚIL EORPACH AR THEARMANN AGUS IMIRCE (2025)**

**An dara tuarascáil ar staid na himeartha i ndáil le cur chun feidhme an Chomhshocraithe maidir le hImirce agus Tearmann**

## RÉAMHRÁ

D'eisigh an Coimisiún an tuarascáil dheireanach ar staid na himeartha i ndáil le cur chun feidhme an Chomhshocraithe maidir le hImirce agus Tearmann i mí an Mheithimh 2025[1]. Cumhdaíonn an dara tuarascáil ar staid na himeartha an tréimhse ó shin go dtí tús mhí Dheireadh Fómhair 2025.

Le linn na tréimhse sin, lean na Ballstáit, an Coimisiún agus Gníomhaireachtaí an Aontais, in éineacht le páirtithe leasmhara agus comhpháirtithe éagsúla, de bheith ag obair ar fud na mbloc tógála uile, chun a áirithiú go leanfar den chur chun feidhme.

Rinneadh tuilleadh dul chun cinn, agus baineadh garspriocanna tábhachtacha amach, lena n-áirítear straitéisí náisiúnta agus pleananna teagmhasacha a fhorbairt, creataí dlíthiúla náisiúnta a oiriúnú agus Rialachán Cur Chun Feidhme Rialachán (AE) 2024/1351 a ghlacadh, chomh maith le hullmhúcháin chun an chéad Timthriall Bliantúil Bainistithe Imirce a bhaint amach.

Ag an am céanna, tá dúshláin fós ann, go háirithe maidir le Eurodac agus a áirithiú go mbeidh na córais réidh in am, maidir leis an nós imeachta teorann agus maidir leis an ngá an bonneagar, na ceanglais phearsanra agus na socruithe riaracháin is gá a chur chun feidhme chun amlínte a choinneáil. Thairis sin, ar fud an Aontais, ba cheart socruithe scagtha a thabhairt chun críche agus an acmhainneacht ghlactha a ailíniú le riachtanais iarbhír agus leis an gcreat nua. Ar deireadh, ba cheart socruithe a bhaineann le faireachán ar chearta bunúsacha agus le comhairleoireacht dhlíthiúil a thabhairt i gcrích.

I mí Iúil 2025, thíolaic an Coimisiún a thogra le haghaidh Creat Airgeadais Ilbhliantúil nua agus mhol sé tacaíocht airgeadais an Aontais don imirce, don tslándáil agus don bhainistiú teorainneacha a mhéadú faoi thrí sa chéad tréimhse eile, mar aon le méadú suntasach ar chistiú do na Gníomhaireachtaí Gnóthaí Baile. Ar an iomlán, EUR 81 bhilliún a bheadh sa tacaíocht airgeadais bhreise atá beartaithe ag an Aontas do réimse na ngnóthaí baile agus na himirce.

[1] Féach an chéad tuarascáil ar staid na himeartha i ndáil le cur chun feidhme an Chomhshocraithe maidir le hImirce agus Tearmann, https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A52025DC0319.

**BEART A DHÉANAMH AR LEIBHÉAL AN AONTAIS**

Cuireadh tús leis an gcéad chéim phleanála fhíor-riachtanaí le cur i láthair an Phlean Cur Chun Feidhme Choitinn i mí an Mheithimh 2024, lenar soláthraíodh creat chun Pleananna Náisiúnta Cur Chun Feidhme na mBallstát a fhorbairt, agus chun na socruithe rialachais ábhartha a bhunú[2].

Faoin am seo, tá an obair ar chur chun feidhme an Chomhshocraithe dírithe go hiomlán ar oiriúnú reachtach, ar oibríochtú praiticiúil, agus ar acmhainní a chur ar fáil do na hathchóirithe is gá. Sa chéim sin, leanann na sásraí comhordaithe bunaithe de bheith ag feidhmiú go maith, bíodh sin ar an leibhéal cothrománach faoi chuimsiú an Choiste Straitéisigh um Inimirce, Teorainneacha agus Tearmann (dá ngairtear anseo feasta: SCIFA) nó faoi chuspóir an Choimisiúin -idirphlé déthaobhach saintógtha leis na Ballstáit. Leanadh de mhalartuithe níos ginearálta le Parlaimint na hEorpa faoi chuimsiú chruinnithe rialta na Meithle um Thearmann — Cur chun feidhme an Chomhshocraithe/an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn de chuid an Choiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile.

Na tograí reachtacha éagsúla a chuir an Coimisiún ar aghaidh le seacht mí anuas chun an Comhshocrú a thabhairt chun críche agus a chomhlánú, tugtar ar aghaidh iad faoi chuimsiú an nós imeachta reachtaigh. Áirítear leis sin an togra le haghaidh Rialachán nua um Fhilleadh, an togra a bhaineann leis an gcoincheap 'tríú tír shábháilte' chomh maith le liosta beartaithe an Aontais de thíortha sábháilte tionscnaimh[3]. Tá rapóirtéirí faoi seach ceaptha ag Parlaimint na hEorpa agus tá tús curtha lena cruinnithe teicniúla. Ó thaobh na Comhairle de, tá tús curtha aici leis an obair ar a seasaimh, agus tá plé fós ar siúl sna comhlachtaí ábhartha. Idir an dá linn, tá dul chun cinn á dhéanamh i gCoistí Teagmhála an Choimisiúin ar an obair ar na gníomhartha cur chun feidhme a eascraíonn as reachtaíocht an Chomhshocraithe (féach an bloc tógála sa roinn thíos).

Tá Gníomhaireachtaí éagsúla an Aontais[4] ag obair go dlúth leis an gCoimisiún agus leis na Ballstáit, agus tacaíocht á tabhairt acu do na hathchóirithe de réir a sainorduithe. Go ginearálta, tá na gníomhaireachtaí ar an mbóthar ceart chun na treoirdhoiciméid, na teimpléid agus an t-ábhar oiliúna éagsúil a bhfuil coinne leo sa Phlean Cur Chun Feidhme Coiteann a sholáthar. Ina theannta sin, tá siad ag cur tacaíocht ar éileamh ar fáil do Bhallstáit éagsúla agus ag freagairt do dhúshláin nua agus do dhúshláin atá ag teacht chun cinn. Rinneadh dhá chleachtadh faireacháin phíolótacha EUAA, mar ullmhúchán do chur i bhfeidhm iomlán chlár faireacháin ilbhliantúil EUAA (ó 2026 ar aghaidh), leis an Eastóin agus leis an Ísiltír. Mar chuid de na cleachtaí, thug dhá Fhoireann Saineolaithe atá comhdhéanta de EUAA, an Coimisiún, agus na Ballstáit, chomh maith le UNHCR mar bhreathnóirí, cuairteanna ar an láthair i mí an Mheithimh 2025.Tugadh na tuarascálacha deiridh ina bhfuil na torthaí chun críche agus

[2] Plean Cur Chun Feidhme Coiteann don Chomhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann — an Coimisiún Eorpach.

[3] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear comhchóras maidir le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach san Aontas a fhilleadh, agus lena n-aisghairtear Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2001/40/CE ón gComhairle agus Cinneadh 2004/191/CE ón gComhairle, COM(2025) 101 final EUR-Lex - 52025PC0101 - GA - EUR-Lex.; Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/1348 a mhéid a bhaineann le liosta de thíortha sábháilte tionscnaimh a bhunú ar leibhéal an Aontais COM(2025) 186 final EUR-Lex - 52025PC0186 - GA - EUR-Lex; Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/1348 a mhéid a bhaineann le cur i bhfeidhm choincheap an 'tríú tír shábháilte', COM(2025) 259 final EUR-Lex - 52025PC0259 - GA - EUR-Lex.

[4] Go háirithe Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann, eu-LISA, Frontex, Europol agus an Ghníomhaireacht um Chearta Bunúsacha.

roinneadh iad leis na Ballstáit faoi seach. Ó mhí an Mheithimh 2026 ar aghaidh, déanfar faireachán ar na Ballstáit uile ó thaobh a gcur chun feidhme teicniúil agus oibríochtúil i leith an Chomhshocraithe i dtimthriall 5 bliana.

Cuireadh tús le clársceidealú na tacaíochta airgeadais do chur chun feidhme an Chomhshocraithe trí rannpháirtíocht leanúnach leis na Ballstáit (féach roinn 3.1.). Cumhdaítear leis sin an EUR 3 bhilliún breise atá ar fáil do na Ballstáit chun tacú le cur chun feidhme an Chomhshocraithe agus chun daoine easáitithe ón Úcráin a óstáil. Cháiligh formhór na mBallstát freisin chun rochtain a fháil ar chistí breise a bhí ar fáil faoin athbhreithniú meántéarma ar na Cistí Gnóthaí Baile, arbh ionann é agus EUR 1,6 billiún breise.

Tá tacaíocht chomhthreomhar á tabhairt do na Ballstáit trí bhíthin na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil atá á bainistiú ag an gCoimisiún. Faoi láthair, tá tacaíocht shaincheaptha á fáil ag údaráis naoi mBallstát[5] chun athchóirithe sonracha a dhéanamh a eascraíonn as a bPleananna Náisiúnta Cur Chun Feidhme le linn na hidirthréimhse dhá bhliain go dtí 2026.

Rinneadh rannpháirtíocht leis an tsochaí shibhialta ar leibhéal an Aontais i bhfóraim éagsúla chomh maith le for-rochtain dhéthaobhach. Áiríodh ar ghné ar leith den fhor-rochtain le mí anuas rannpháirtíocht le líonraí breithiúnacha chun comhar agus malartú faisnéise a chothú a bhaineann leis na hathruithe nós imeachta a tugadh isteach leis an gComhshocrú, lena n-áirítear spriocdhátaí nua gaolmhara chun na nósanna imeachta éagsúla a thabhairt i gcrích[6]. Tá ról na mbreithiúna thar a bheith tábhachtach d’fheidhmiú na rialacha freagrachta maidir le nósanna imeachta teorann um thearmann agus filleadh (Rialachán (AE) 2024/1351), orduithe coinneála, acmhainneachtaí glactha, ceapadh ionadaithe do mhionaoisigh neamhthionlactha, agus cúnamh dlíthiúil agus ionadaíocht dhlíthiúil.

Tá tábhacht níos leithne na n-athchóirithe fós romhainn amach: Tar éis spriocdháta dlíthiúil an 12 Meitheamh 2025, chuir 22 Bhallstát bailchríoch ar a straitéisí náisiúnta imirce agus tearmainn[7]. Léirítear leis na straitéisí sin cur chuige cuimsitheach, uile-rialtais, straitéiseach i leith na himirce agus an tearmainn. Dá réir sin, beidh siad mar bhonn eolais don chéad Straitéis Eorpach maidir le bainistiú tearmainn agus imirce, atá le teacht faoi dheireadh na bliana.

**OIBRÍOCHTÚ NA MBLOC TÓGÁLA – NUASHONRÚ AR DHUL CHUN CINN**

Níl aon athrú ar líon na bPleananna Náisiúnta Cur Chun Feidhme don Chomhshocrú ó bhí mí an Mheithimh 2025 ann.Ar leibhéal na mBallstát, tá tuilleadh forbartha tagtha ar shocruithe comhordaithe agus rialachais, bunaithe freisin ar pháirtithe leasmhara tábhachtacha a shainaithint – agus ar mhalartú breise leo – chun na hathchóirithe a chur chun feidhme. D’fhéadfaí a áireamh leis sin, mar shampla, an gá atá le rannpháirtíocht níos mó ó ranna nó ó aireachtaí líne atá freagrach as soláthar seirbhísí amhail oideachas nó sláinte, chomh maith le rannpháirtíocht mhéadaithe le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus le comhpháirtithe cur chun feidhme chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le hoibríochtú na gcomhaontuithe comhpháirtíochta is gá. Ba cheart do na Ballstáit nach ndearna amhlaidh, rannpháirtíocht a mhéadú, go háirithe leis na breithiúna, chun riachtanais ghaolmhara a réamh-mheas.

Beidh sé ag éirí níos tábhachtaí a áirithiú go ndéanfar na garspriocanna agus na spriocanna idirmheánacha atá fágtha ar an leibhéal náisiúnta a shainiú agus a rianú go maith, chun cuidiú

[5] An Bheilg, an tSeicia, an Eastóin, Éire, an Ghréig, an Iodáil, an Liotuáin, an Rómáin agus an tSlóvaic.

[6] Mar shampla, Meitheal um Thearmann agus Inimirce Chomhlachas na mBreithiúna Riaracháin Eorpacha (AEAJ).

[7] Níor roinn an Chróit, an Ungáir, Lucsamburg ná an Rómáin a straitéisí go fóill. Roinn an Rómáin dréacht leis an gCoimisiún go dtí go nglacfar go críochnaitheach é, ach thug Lucsamburg agus an Chróit fógra faoi mhoilleanna.

le haon mhoilleanna a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu.Ba dhúshlán níos ginearálta é sin a sainaithníodh cheana féin sa chéad tuarascáil maidir le cur chun feidhme an Chomhshocraithe. Tá dea-chleachtais agus próisis cur chun feidhme bunaithe ag roinnt Ballstát i ndáil leis sin[8].

Tá athchóirithe reachtacha a bhaineann le creataí dlíthiúla náisiúnta a ailíniú leis an gComhshocrú agus le trasuí Threoir (AE) 2024/1346 faoi lán seoil anois. Tá reachtaíocht náisiúnta ábhartha glactha cheana féin ag líon beag Ballstát, go hiomlán nó i bpáirt[9]. Tá méadú ag teacht ar líon na mBallstát a bhfuil dréachtú na reachtaíochta curtha i gcrích acu cheana féin nó atá ag na céimeanna deiridh in ullmhú na dtograí[10]. I bhformhór na gcásanna, áirítear sa phróiseas sin leibhéil éagsúla comhairliúcháin leis an tsochaí shibhialta agus leis na príomhpháirtithe leasmhara[11].

Ba cheart do na Ballstáit atá fós ag athbhreithniú a gcreataí reachtacha an próiseas sin a chur i gcrích a luaithe is féidir chun a áirithiú go gcuirfear an dréachtú i gcrích agus gur féidir tús a chur leis na próisis ghlactha go luath an bhliain seo chugainn[12]**.** Leis an obair i gcoistí teagmhála an Choimisiúin, forbrófar treoir bhreise agus tabharfar aghaidh ar fhiosruithe agus ceisteanna atá ag teacht chun cinn.

**Tacaíocht airgeadais: clársceidealú náisiúnta**

Ó rinneadh an nuashonrú deireanach, d’oibrigh an Coimisiún go dlúth leis na Ballstáit uile maidir le clársceidealú na tacaíochta airgeadais atá tiomnaithe don Chomhshocrú. Leis an EUR 3 bhilliún a leithdháilfear don chleachtadh sin, cuideofar lena áirithiú go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag príomhghnéithe an chreata nua, bíodh sin ó chistí an Aontais nó ó chistí náisiúnta[13]. Chuir gach Ballstát[14] seachas Ballstát amháin foirmeacha isteach lena dtograí, arb iad is bonn don idirphlé maidir leis an maoiniú le seirbhísí an Choimisiúin. Cuireann an modh oibre sin ar chumas an Choimisiúin scrúdú a dhéanamh ar na dúshláin atá roimh na Ballstáit agus cúnamh a thabhairt dóibh cinneadh a dhéanamh maidir leis an úsáid is iomchuí a bhaint as cistí an Aontais, rud atá comhlántach leis an mbuiséad náisiúnta, i gcomhréir leis na Pleananna Náisiúnta Cur Chun Feidhme.

---

8 Mar shampla, d’ullmhaigh údaráis na Bulgáire tuarascáil sé mhí maidir le cur chun feidhme an phlean náisiúnta cur chun feidhme agus nuashonraigh siad a bplean náisiúnta cur chun feidhme:, ina mbreithnítear toradh an idirphlé maidir le cistiú an Chomhshocraithe leis an gCoimisiún agus an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme praiticiúil.

9 Áirítear leis sin an tSeicia, an Ghréig.

10 Tá céimeanna deiridh an dréachtaithe tugtha chun críche ag an Ostair, ag an Danmhairg, ag an gCipir, ag an Eastóin, ag an Liotuáin, ag an Ísiltír, ag an bPortaingéil agus ag an Spáinn nó tá siad ag na céimeanna deiridh den dréachtú. Chuir an Ghearmáin togra faoi bhráid na Parlaiminte an 12 Meán Fómhair. Tá dréachtú fós ar siúl sa Bhulgáir, sa Chróit, san Fhionlainn, sa Fhrainc, in Éirinn, san Iodáil, i Málta, sa tSlóvaic, sa tSlóivéin agus sa tSualainn. I measc na mBallstáit atá fós chun an t-athbhreithniú ar an reachtaíocht le haghaidh na réimsí uile nó codanna de na réimsí a chumhdaítear leis an gComhshocrú tá an Bheilg, an Ghréig, an Rómáin.

11 Amhail san Ostair, sa Bhulgáir, sa Chróit, sa Chipir, sa Danmhairg, san Eastóin, san Fhionlainn, sa Ghearmáin, in Éirinn, sa Liotuáin, san Ísiltír, sa Phortaingéil, sa tSlóivéin, sa tSualainn.

12 Athbhreithniú reachtach fós ar siúl sa Bheilg agus sa Rómáin, nach bhfuil tugtha chun críche fós sa Ghréig, moilleanna féideartha air sa Laitvia agus sa Pholainn.

13 Mar shampla, nósanna imeachta teorann agus scagadh a chur ar bun (lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, ionaid ilchuspóireacha); infheistíocht leordhóthanach in Eurodac agus coigeartuithe eile a bhaineann le TF; acmhainneachtaí glactha leordhóthanacha a áirithiú, lena n-áirítear i gcomhréir leis na hoibleagáidí dlíthiúla maidir le hacmhainneacht leordhóthanach gach Ballstáit ag an teorainn sheachtrach; agus na Sásraí Faireacháin Náisiúnta um Chearta Bunúsacha atá neamhspleách agus éifeachtach agus comhairleoireacht dhlíthiúil saor in aisce a chur ar bun.

14 an Ungáir.

**Na príomhdhúshláin agus na chéad chéimeanna eile:**

Faoi láthair, tá an t-idirphlé maidir le clársceidealú na gcistí breise tugtha i gcrích ag roinnt Ballstát agus tá siad ar an mbóthar ceart chun próiseas leasaithe an chláir a thabhairt chun críche faoi dheireadh na bliana. Tá formhór na mBallstát sna céimeanna deireanacha den idirphlé. Ní mór an próiseas sin a thabhairt chun críche a luaithe is féidir chun dul chuig céim an leasaithe a bhféadfadh roinnt míonna a bheith i gceist léi.

Ar an iomlán, leis an modh oibre sin rinneadh foráil maidir le malartú an-chuiditheach idir na Ballstáit agus seirbhísí an Choimisiúin a bhaineann le hullmhú náisiúnta, rud atá comhlántach leis na Pleananna Náisiúnta Cur Chun Feidhme agus na Straitéisí Náisiúnta, agus bunaíodh leis dea-chleachtas maidir le teagmhálacha rialta idir na Ballstáit agus seirbhísí an Choimisiúin i ndáil le cúrsaí oibríochtúla. Leis an bplé sin, cuirtear bonn láidir ar fáil freisin don chomhar agus don fhaireachán comhpháirteach ar chur chun feidhme an Chomhshocraithe do na blianta amach romhainn. Trí leanúint d'idirphlé rialta leis na Ballstáit, lena n-áirítear maidir leis an dul chun cinn maidir le hionsú buiséid, cuideofar le súil a choinneáil ar na dúshláin agus, i gcás inarb iomchuí, tacaíocht shaincheaptha bhreise a chur ar fáil, bíodh sé oibríochtúil nó airgeadais. Is féidir cuid de bhuiséad 2026-2027 Shaoráid Théamach CTIL a shlógadh chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt do na Ballstáit, bunaithe ar riachtanais a sainaithníodh le linn an mhalartaithe leanúnaigh faisnéise maidir le cur chun feidhme an Chomhshocraithe.

**Bloc Tógála 1 – Eurodac**

Leanann na Ballstáit de bheith ag obair i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún agus le eu-LISA chun a áirithiú go mbeidh córas Eurodac ag feidhmiú in am i mí an Mheithimh 2026. Ag an gcruinniú is déanaí de Ghrúpa Comhairleach Eurodac, thuairiscigh na Ballstáit go ginearálta go ndearnadh dul chun cinn maith: I bhformhór na mBallstát, sonraíodh leithdháiltí airgeadais don chuspóir sin, bíodh sin trí bhuiséid náisiúnta nó trí tharraingt ar chistí an Aontais nó ar mheascán díobh. I roinnt Ballstát, roghnaíodh soláthraithe le haghaidh seirbhísí ábhartha nó cuireadh dlús le nósanna imeachta soláthair trí chreatchonarthaí, ach tá tús curtha le soláthar i mBallstáit eile[15].

Amhail ó mhí Mheán Fómhair, thuairiscigh ocht mBallstát agus Europol go raibh siad go hiomlán ar an mbóthar ceart[16]. Thuairiscigh 18 mBallstát go raibh dúshláin éagsúla fós rompu, cé go bhfuil siad ag súil go mbeidh siad in ann saincheisteanna atá fós gan réiteach a réiteach in am[17]. Tá an baol ann nach mbeidh Ballstát amháin réidh in am[18]. Le roinnt míonna anuas, chuir eu-LISA ar chumas na mBallstát na hoibríochtaí a thástáil, agus cuireadh tuilleadh tástála ar fáil do na Ballstáit sna míonna amach romhainn.

Ar leibhéal an Aontais, bhunaigh an Coimisiún coiste rialála Eurodac agus rinne sé dul chun cinn ar na gníomhartha neamhreachtacha a bhaineann le Eurodac, go háirithe maidir le staidreamh traschórais agus chun idir-inoibritheacht a áirithiú. Tá na gníomhartha ar an mbóthar ceart le glacadh fós i mbliana[19].

---

15 An Bheilg, an Ghearmáin (úsáid creatchonarthaí), an Bhulgáir agus an Chróit (tús curtha leis an soláthar).

16 An Chróit, an tSeicia, an Eastóin, an Ghréig, an Ísiltír, an Rómáin, an Spáinn, an tSualainn.

17 An Ostair, an Bheilg, an Bhulgáir, an Chipir, an Danmhairg, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, Éire, an Iodáil, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, an Pholainn, an Phortaingéil, an tSlóvaic agus an tSlóivéin.

18 An Ungáir.

19 An 24 Iúil, vótáladh ar na leasuithe ar na gníomhartha seo a leanas agus glacfar iad go luath: C(2021) 6176 & C(2021) 6174 Cinntí Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún lena leagtar síos na rialacha teicniúla chun naisc a chruthú idir sonraí ó chórais faisnéise AE éagsúla de bhun Airteagal 28(7) de Rialachán (AE) 2019/817 agus

**Na príomhdhúshláin agus na chéad chéimeanna eile:**

Tá éagsúlacht fós ann maidir le cur chun feidhme chóras Eurodac ar fud na mBallstát, rud a léiríonn céimeanna éagsúla dul chun cinn.Ní mór aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá ann cheana mar ábhar práinne, ós rud é go bhfuilimid ag dul isteach sa chéim dheireanach sula dtiocfaidh an Comhshocrú i bhfeidhm. I roinnt cásanna, áirítear ar na dúshláin aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna nascachta atá fós ann, spriocanna soiléire a leagan síos chun an tástáil a chur i gcrích, nósanna imeachta soláthair nach bhfuil déanta seolta go fóill a sheoladh, agus módúlachtaí a bhaineann le hainmniú an phointe rochtana a shoiléiriú[20].

Moltar go láidir do na Ballstáit tús a chur leis an tástáil a luaithe is féidir, toisc go gcuireann sé sin ar chumas eu-LISA agus an Bhallstáit araon aon saincheisteanna a shainaithint go luath, rud a fhágann dóthain ama chun aghaidh a thabhairt orthu. Tá tús curtha cheana féin ag cúig Bhallstát agus ag an Eilvéis le tástáil a dhéanamh ar an oibríocht iarbhír agus tá líon maith díobh ar tí tosú sna míonna amach romhainn[21]. Mar sin féin, níl formhór na mBallstát rannpháirteach go fóill, rud a tharlaíonn i gcásanna áirithe toisc nach bhfuil a dtástáil nascachta curtha i gcrích acu go fóill, ar réamhriachtanas é chun oibríochtaí a thástáil[22]. Leanann an Coimisiún agus eu-LISA de bheith i ndlúth-idirphlé teicniúil leis na Ballstáit maidir leis an ábhar sin agus leanfaidh eu-LISA de thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit uile i gcás inar gá.

**Bloc Tógála 2 – Córas nua chun an imirce a bhainistiú ag teorainneacha seachtracha an Aontais**

Leantar den dul chun cinn i dtreo na nósanna imeachta éigeantacha maidir le tearmann agus filleadh a chur i bhfeidhm. Ó Theachtaireacht mhí an Mheithimh maidir le staid na himeartha maidir le cur chun feidhme an Chomhshocraithe, tá méadú breise tagtha ar líon na mBallstát a bhfuil na saoráidí glactha agus na hacmhainní daonna araon i bhfeidhm acu cheana féin chun acmhainneacht leordhóthanach a bhaint amach nó a dhéanfaidh amhlaidh go luath[23]. Tá roinnt Ballstát ag bunú agus ag eagrú an scagtha éigeantaigh nua, lena n-áirítear sceidil oiliúna a ullmhú[24].

Leanadh den obair sna coistí ábhartha, *inter alia*, as ar eascair ullmhú treorach tiomnaithe ón gCoimisiún maidir leis na nósanna imeachta teorann um thearmann agus um fhilleadh agus nuashonruithe rialta ar an treoir maidir le scagadh, rud a chomhlánaíonn an Lámhleabhar

---

Airteagal 28(7) de Rialachán (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle; agus C(2023) 645 & C(2023) 649 Cinntí Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún lena leagtar síos agus lena bhforbraítear caighdeán na formáide uilíche teachtaireachta de bhun Rialachán (AE) 2019/817 agus Rialachán (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Cuirtear moill ar an leasú ar an gCinneadh Tarmligthe lena bhforlíontar Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann leis an lámhleabhar nósanna imeachta agus rialacha is gá le haghaidh fiosruithe, fíoruithe agus measúnuithe (i gcás víosaí gearrfhanachta, víosaí fadfhanachta agus ceadanna cónaithe), arna n-ullmhú de bhun Airteagail 9h agus 22b.

20 Áirítear ar na Ballstáit lena mbaineann an Ostair, Málta, an tSlóivéin, an Ghréig.

21 Is iad an Fhrainc, Éire, Lucsamburg, an Rómáin, an tSualainn na Ballstáit a thuairiscigh do eu-Lisa i mí Mheán Fómhair gur thionscain siad tástáil cheana féin.

22 An Bheilg, an Bhulgáir, an Chipir, an Danmhairg, an Fhionlainn, an Ungáir, an Laitvia, an Liotuáin, Málta, an Ísiltír, an Phortaingéil, an tSlóivéin, an Spáinn.

23 Chomh maith leis an mBeilg, an Fhionlainn, Lucsamburg, an tSeicia, an Chipir, an Fhrainc, Málta agus an Ísiltír, a luadh sa chéad 'staid na himeartha' maidir le cur chun feidhme an Chomhshocraithe, tá an acmhainneacht leordhóthanach bainte amach ag an Ostair, Éire, an Phortaingéil, an tSualainn agus an Liotuáin.

24 Meastar faoi láthair go bhfuil an Ostair, an Bheilg, an Bhulgáir, an Chróit, an tSeicia, an Chipir, an Eastóin, an Fhrainc, an Ghréig, Éire, an Liotuáin, an Ísiltír agus an Pholainn agus an Spáinn ar an mbóthar ceart maidir leis an scagadh a chur chun feidhme.

Praiticiúil do Ghardaí Teorann. I measc na n-ábhar a pléadh le déanaí i gcruinnithe coiste bhí úsáid córas mórscála TF chun críoch na seiceálacha slándála agus céannachta. Ós rud é go mbraitheann an nós imeachta teorann um fhilleadh ar an gcumas filleadh iarratasóirí ar diúltaíodh dóibh a áirithiú, tugadh aird ar leith den chéad uair i measúnú bliantúil 2025 ón gCoimisiún faoi Airteagal 25a den Chód Víosaí ar thíortha tionscnaimh a dtiocfadh a náisiúnaigh faoin nós imeachta teorann.

I ndlúthchomhar, d'fhorbair EUAA agus Frontex tairiscint oiliúna chomhchuibhithe maidir le scagadh. Cuireadh an réamh-mhodúl sin ar fáil d'úsáideoirí ag deireadh mhí Mheán Fómhair. Beidh modúl oiliúna cuimsitheach maidir le scagadh ar fáil ó mhí an Mhárta 2026 ar aghaidh. Táthar ag súil leis an mbosca uirlisí scagtha, a d'fhorbair Frontex, EUAA agus an Coimisiún go comhpháirteach le tacaíocht ó Europol agus ó shaineolaithe na mBallstát faoi dheireadh na bliana. Comhlánaíonn an bosca uirlisí treoir ón gCoimisiún agus cuimsítear ann sraith teimpléad so-úsáidte, ábhar treorach agus acmhainní praiticiúla[25]. Meastar go gcuirfear tús le tástáil oibríochtúil an bhosca uirlisí i mí Dheireadh Fómhair 2025.

**Na príomhdhúshláin agus na chéad chéimeanna eile:**

D'ainneoin dul chun cinn, tá roinnt de na dúshláin a sainaithníodh sa tuarascáil roimhe seo fós ann. Áirítear ar na ceisteanna eagraíochtúla atá ar feitheamh an reachtaíocht náisiúnta a choigeartú, nósanna imeachta agus treoirlínte oibríochta caighdeánacha a athbhreithniú nó a fhorbairt, foireann leordhóthanach a áirithiú, nósanna imeachta soláthair a dhéanamh chun saoráidí a thógáil nó a athchóiriú, bearta éifeachtúla a chur chun feidhme chun na rioscaí a bhaineann le héalú a mhaolú, nó bunachair sonraí TF a chomhtháthú tuilleadh[26]. I gcás inar gá, bheadh gá le roinnt beart sealadach idirlinne[27]. Ag an gcéim seo, tá cur chun feidhme iomlán tráthúil na hacmhainneachta leordhóthanaí fós i mbaol i roinnt Ballstát[28]. De bhrí gurb é an 11 Aibreán 2026 an spriocdháta dlíthiúil do na Ballstáit fógra a thabhairt faoi shuíomhanna na nósanna imeachta teorann, iarrtar ar na Ballstáit na suíomhanna a chur in iúl a luaithe is féidir chun pleanáil dá mbunú a éascú.

Maidir le scagadh, ní mór do roinnt Ballstát dáileadh na gcúraimí laistigh de struchtúir náisiúnta a shainiú ar bhealach níos soiléire fós agus nósanna imeachta a chomhchuibhiú agus/nó ceanglais idir-inoibritheachta a athbhreithniú. Tá ionaid scagtha ag roinnt Ballstát cheana féin, toisc go gcuireann siad próisis teachta i bhfeidhm cheana féin[29]. I gcás Ballstáit eile, beidh ar phleananna chun suíomhanna láraithe a bheith acu a chur san áireamh go bhféadfadh sé nach mbeadh siad sin go hiomlán réidh faoi mhí an Mheithimh 2026. Roghnaigh Ballstáit eile cur chuige díláraithe — go háirithe maidir le scagadh laistigh den chríoch. I roinnt cásanna, ní mór

---

25 Áirítear sa bhosca uirlisí scagtha teimpléid d'fhoirm scagtha agus iarscríbhinn ina leagtar amach an próiseas comhairliúcháin le haghaidh bunachair sonraí ábhartha; teimpléad soláthair faisnéise bunaithe ar Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2024/1356, iarscríbhinn phraiticiúil maidir le réamhsheiceálacha leochaileachta a dhéanamh. Áirítear ann freisin doiciméad treorach mionsonraithe céim ar chéim maidir le scagadh a dhéanamh, cúnamh praiticiúil a chur ar fáil chun na teimpléid a úsáid agus dul i ngleic leis an bpróiseas scagtha chomh maith le tuairisc ar thairiscintí oiliúna ó Frontex agus EUAA i ndáil le scagadh.

26 Áirítear orthu sin an Danmhairg, an Ghearmáin, an Fhionlainn, an Iodáil, an Liotuáin, an tSlóivéin, an Phortaingéil, a bhfuil ceann amháin nó níos mó de na dúshláin atá liostaithe rompu.

27 Féadfaidh feidhm a bheith aige sin maidir leis an gCróit, le hÉirinn, leis an Eastóin, leis an Iodáil, leis an Laitvia agus leis an Rómáin agus d'fhéadfadh baint a bheith aige le saoráidí sealadacha nó socruithe sealadacha a bhaineann le soláthar foirne. Bainfidh an Ghréig agus an Bhulgáir an acmhainneacht leordhóthanach amach; mar sin féin, ní mór cáilíocht na saoráidí a áirithiú.

28 Toisc nár cuireadh tús go fóill le roghnú saoráidí nó nósanna imeachta soláthair, d'fhéadfadh moill a bheith ar an Ghearmáin, ar an Laitvia, ar an Rómáin, ar an tSlóvaic agus ar an tSlóivéin.

29 Mar shampla: An Ghréig, an Iodáil, an Spáinn, an Chipir.

socruithe maidir le seiceálacha sláinte a shainiú fós, lena n-áirítear socruithe atá bunaithe ar chomhar le seirbhísí leighis.

**Bloc Tógála 3 - Athmhachnamh a dhéanamh ar ghlacadh**

Tá feabhas á chur ag go leor Ballstát ar an acmhainneacht ghlactha, ó thaobh cainníochta agus cáilíochta de araon.Tá bearta breise déanta acu chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí acmhainneachta nó chun a áirithiú gur féidir forálacha nua a chur i ngníomh. Áirítear leis sin saoráidí nua a thógáil agus saoráidí atá ann cheana a atógáil agus/nó a uasghrádú. Tá go leor Ballstát tar éis a bpleananna a dhaingniú, agus dhírigh cuid acu ar ionaid ilchuspóireacha nua a bhunú[30]. Tá na samhlacha agus na treoirphleananna a d'fhorbair EUAA agus an Coimisiún úsáideach i ndáil leis sin, ós rud é go bhfuil ionaid deartha chun réimse seirbhísí a sholáthar, ó shainaithint agus clárú go saoráidí glactha do chatagóirí éagsúla daoine chomh maith le rochtain ar oibrithe sóisialta agus ar sheirbhísí comhairle dlí.

Tá cleachtaí ionsamhlúcháin á n-úsáid ag roinnt Ballstát chun measúnú a dhéanamh ar ullmhacht a gcórais ghlactha chun nósanna imeachta/gníomhaíochtaí nua a thabhairt isteach leis an gComhshocrú amhail an nós imeachta teorann agus scagadh[31].

Glacadh leis an bhféidearthacht socruithe glactha éagsúla a bheith ann bunaithe ar chineálacha agus ar ghrúpaí éagsúla iarratasóirí a leagtar amach i dTreoir (AE) 2024/1346. Tá socruithe sonracha á dtabhairt isteach nó á gcomhdhlúthú ag na Ballstáit maidir leis na cásanna aistrithe freagrachta[32], ach tá siad ag obair freisin chun aghaidh níos fearr a thabhairt ar riachtanais daoine leochaileacha acu nó teaghlach in ionaid ghlactha[33]. Chuir roinnt Ballstát na córais bainistithe cásanna agus digitiú na bpróiseas chun cinn freisin chun rochtain agus malartú sonraí a fheabhsú nó chun oiriúnú ar bhealach eile do cheanglais an Chomhshocraithe[34].

Ar an iomlán, ó rinneadh an nuashonrú deireanach i mí an Mheithimh, tá iarrachtaí suntasacha déanta ag na Ballstáit agus ag EUAA chun bearnaí a líonadh sa bhailiú sonraí maidir le glacadh[35]. Mar sin féin, tá na córais ghlactha náisiúnta an-chasta agus an-ilchineálach. Tá gá le sonraí níos gráinní ó na Ballstáit uile, chun go dtabharfaidh an Coimisiún léargas níos cuimsithí agus níos inchomparáide ar an acmhainneacht ghlactha san Aontas agus sna Ballstáit chun críocha an timthrialla bhliantúil bainistithe imirce. Maidir leis an gcéad dá thimthriall bhliantúla (2025 agus 2026), leag an Coimisiún agus EUAA amach cur chuige incriminteach lena gceanglaítear ar na Ballstáit sonraí glactha maidir le príomhtháscairí a thuairisciú[36]. Ó 2027 ar aghaidh, tuairisceoidh na Ballstáit sonraí do EUAA maidir le tacar iomlán táscairí glactha.

---

30 Áirítear leis sin an Chróit, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóvaic, an tSlóivéin.

31 Mar shampla: Éire, an Rómáin. an tSualainn.

32 Tá an méid sin á mheas ag an mBeilg, an Bhulgáir, an tSeicia, an Ghearmáin, an Phortaingéil, an tSlóvaic, an tSlóivéin agus an tSualainn.

33 Áirítear leis sin an Ostair, an Chipir, an tSeicia, an Iodáil, an Liotuáin, an Phortaingéil, an tSlóivéin.

34 Mar shampla, an tSeicia, an Eastóin, an Iodáil, an Chróit, an Fhrainc, an Bhulgáir, an Phortaingéil, an Spáinn.

35 Bunaithe ar na sonraí atá ar fáil, is féidir forléargas a fháil anois ar líon na ndaoine a óstáiltear i gcórais ghlactha náisiúnta fhoirmiúla na mBallstát, a thuigtear mar an tacar socruithe atá i bhfeidhm chun freastal ar iarratasóirí tearmainn de réir Threoir (AE) 2024/1346. Mar sin féin, ní chuimsítear leis na sonraí atá ann faoi láthair an tacaíocht chóiríochta a sholáthraítear do thairbhithe cosanta sealadaí lasmuigh de Threoir (AE) 2024/1346, níl siad gráinneach go leor chun comparáid a dhéanamh idir an staid ghlactha sna Ballstáit éagsúla.

36 Daoine sa chóras glactha (líon iomlán na ndaoine sa chóras glactha lena n-áirítear cliseadh in aghaidh stádas dlíthiúil na ndaoine atá á nglacadh agus líon na mionaoiseach gan tionlacan); agus acmhainneacht an chórais ghlactha (leapacha iomlána ar fáil ag deireadh na tréimhse tuairiscithe.

Leanann na Ballstáit agus seirbhísí an Choimisiúin de bheith ag teacht le chéile sa Choiste Teagmhála um Ghlacadh chun trasuí Threoir (AE) 2024/1346 a ullmhú agus chun saincheisteanna atá fós gan réiteach a shoiléiriú. Tugadh aghaidh sa phlé a rinneadh le déanaí ar shaincheisteanna amhail bearta um imeascadh luatha, srian ar shaorghluaiseacht, coinneáil agus roghanna malartacha ar choinneáil, chomh maith leis an idirghníomhú le gnéithe eile den Chomhshocrú ar bhonn níos ginearálta. Leanann Líonra um Eagraíochtaí Glactha EUAA dá chuid oibre chun dúshláin oibríochtúla a shainaithint agus chun dea-chleachtais a chomhroinnt. Cuireann an plé sin go léir freisin le treoir athbhreithnithe EUAA atá ar na bacáin maidir le caighdeáin agus táscairí. Tá treoir phraiticiúil na gníomhaireachta maidir le hionad teachta agus glactha a chur ar bun agus a bhainistiú beagnach tugtha chun críche freisin.

**Na príomhdhúshláin agus na chéad chéimeanna eile:**

Tá roinnt príomhdhúshláin fós ann sna córais ghlactha náisiúnta. Ba cheart aon tógáil nua a dhéanamh go tráthúil agus, i gcás inar gá, ní mór bearta idirmheánacha a chur i bhfeidhm chun a áirithiú go gcomhlíonfar Treoir (AE) 2024/1346 agus chun acmhainneachtaí leordhóthanacha a ráthú faoin tráth a thiocfaidh an Comhshocrú i bhfeidhm[37]. Tá dúshláin fós ann maidir le grúpaí leochaileacha a óstáiltear laistigh de na córais ghlactha, amhail mionaoisigh neamhthionlactha agus íospartaigh foréigin inscnebhunaithe (roinn 3.10).

Ba cheart do na Ballstáit atá i luathchéimeanna na pleanála d'ionaid ilchuspóireacha agus nach bhfuil sé sin déanta acu cheana féin dul i dteagmháil le EUAA chun breithniú a dhéanamh ar an treoirphlean agus ar na samhlacha a forbraíodh go sonrach chun ailíniú le forálacha agus prionsabail an Chomhshocraithe a áirithiú.

Ar an iomlán, léiríonn dúshláin a bhaineann le hacmhainneacht agus comhtháthú na gcóras bainistíochta go bhfuil gá leanúnach le leithdháileadh straitéiseach acmhainní. Tá an próiseas sin fós ar siúl i gcás roinnt Ballstát. Leanann an Coimisiún d'aird ar leith a thabhairt ar chásanna ina bhfuil laghdú ar a n-acmhainneacht ghlactha beartaithe ag na Ballstáit nó ina bhfuil siad ag cur tús cheana féin le laghdú ar a n-acmhainneacht ghlactha chun a áirithiú go mbeidh aon bhearta den sórt sin i gcomhréir leis an ngá foriomlán córais dea-ullmhaithe a bheith acu. Moltar do na Ballstáit freisin coinneáil a chur ar fáil, i gcomhréir iomlán le reachtaíocht an Chomhshocraithe, i gcás nach mór coinneáil a bheith ina rogha dheiridh.

Ní mór tuairisciú sonraí agus gráinneacht maidir leis an gcóras glactha náisiúnta a fheabhsú a thuilleadh chun bonn eolais a chur faoin measúnú ar an staid ghlactha a áirítear sa Tuarascáil Bhliantúil Eorpach ar Thearmann agus Imirce[38]. I bhfianaise ról lárnach an ghlactha, beidh gá le tuilleadh oibre chun a áirithiú go mbeidh an staidreamh glactha inchomparáide agus iomlán go leor, rud a fhágfaidh go mbeifear in ann measúnú níos iomláine a dhéanamh.

**Bloc Tógála 4 – Nósanna imeachta tearmainn atá cothrom, éifeachtúil agus cóineasaithe**

Leantar de na hathchóirithe a bhaineann le reachtaíocht an Chomhshocraithe a phlé sna fóraim ábhartha. Nuashonraigh EUAA an treoir ábhartha agus na caighdeáin agus na táscairí oibríochtúla ábhartha maidir leis na nósanna imeachta tearmainn ba cheart a thabhairt chun

[37] Baineann ábhair imní leis an mBeilg, mar shampla, áit a bhfuil easpa dálaí glactha leordhóthanacha fós á sainaithint ag na cúirteanna. Baineann ábhair imní eile freisin leis an mBulgáir, leis an gCipir, leis an gCróit, leis an Laitvia, leis an nGréig agus leis an Ísiltír.

[38] Ar bhonn níos leithne, tá eagrú na gcóras glactha éagsúil ar fud an Aontais. Tairbhithe de chosaint shealadach a gcuirtear tacaíocht chóiríochta ar fáil dóibh lasmuigh den chóras sin, ní áirítear iad i dtuairisciú sonraí na mBallstát.

críche faoi dheireadh na bliana, in éineacht leis an treoir phraiticiúil maidir le hiarratais ar chosaint idirnáisiúnta a chlárú agus a thaisceadh.

Tá bearta á ndéanamh ag Ballstáit éagsúla chun dul i ngleic le riaráistí atá ann cheana i gcásanna tearmainn agus chun feabhas a chur ar a mbainistiú cásanna. Áirítear leis sin foireann bhreise a fhostú go próisis a athchóiriú trí dhigitiú agus trí chórais chomhtháite bainistithe cásanna agus sreafaí oibre agus nósanna imeachta a chomhchuibhiú i measc páirtithe leasmhara éagsúla[39]. Baineann Ballstáit éagsúla úsáid as tacaíocht EUAA e.g. chun nósanna imeachta a fhorbairt go comhpháirteach nó chun imscaradh nó oiliúint a iarraidh nó chun tacaíocht oibríochtúil a stiúradh[40]. Cuideoidh an laghdú leanúnach ar iarrataí ar thearmann san Aontas a thuilleadh leis na Ballstáit na riaráistí i gcásanna tearmainn a laghdú.

D'áirithigh formhór na mBallstát comhar le comhlachtaí breithiúnacha ina gcuid oibre cur chun feidhme[41]. Tá sé sin ríthábhachtach chun ailíniú a áirithiú idir cleachtais bhreithiúnacha náisiúnta agus forálacha an Chomhshocraithe, chun córais bhreithiúnacha éifeachtúla a chumasú chun amanna próiseála iarratas a laghdú agus acmhainneachtaí a leathnú chun achomhairc a phróiseáil.

Mar a tugadh faoi deara thuas, tá an nós imeachta reachtach maidir leis na tograí ón gCoimisiún a bhaineann le Coincheap an Tríú Tír Shábháilte agus le bunú liosta de Thíortha Tionscnaimh Sábháilte ar siúl faoi láthair, rud a éascóidh nósanna imeachta[42].

**Na príomhdhúshláin agus na chéad chéimeanna eile:**

D'ainneoin na mbeart a rinneadh, tá gá le tuilleadh iarrachtaí chun riaráistí a laghdú agus chun forbairt cinn nua a sheachaint[43]. D'fhéadfaí a áireamh leis sin nósanna imeachta earcaíochta a sheoladh go tráthúil, bíodh sé le haghaidh socruithe eatramhacha nó fadtéarmacha, agus an oiliúint is gá chun an fhoireann a chur ar an eolas faoin gcreat nua, i gcomhar, seans, le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann. Ní bheidh na Ballstáit in ann teorainn a chur, a mhéid is féidir, le staid ina mbeidh dhá chóras á reáchtáil go comhthreomhar tar éis mhí an Mheithimh 2026 ach amháin trína riaráistí a laghdú (ceann amháin bunaithe ar acquis Threoir 2013/32/AE a bhí ann an tráth sin, agus ceann eile bunaithe ar Rialachán (AE) 2024/1348 i gcásanna a fuarthas tar éis an 12 Meitheamh 2026).

Moltar do na Ballstáit uile tuilleadh béime a chur ar an gcomhar leis na breithiúna agus aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le córais bhreithiúnacha ró-ualaithe

---

39 I measc na mBallstát atá i mbun na n-athchóirithe éagsúla sin faoi láthair tá an Bheilg, an Chipir, an Fhionlainn, an Ghearmáin, Éire, an Iodáil agus Málta.

40 Mar shampla, an Ostair, an Bheilg, an Chipir, an Eastóin agus an Ghearmáin, an Ghréig, an Iodáil, an Liotuáin.

41 Dhírigh Ballstáit éagsúla ar na breithiúna a neartú, lena n-áirítear an Ostair, an tSeicia, an Liotuáin, Lucsamburg, an Fhionlainn, an Eastóin. Mar shampla, san Ostair, sheol an Chúirt Chónaidhme Riaracháin tionscadal inmheánach cúirte "Ready 4 GEAS".

42 Maidir leis an gcéad cheann, cheap Parlaimint na hEorpa a rapóirtéir, agus tionóladh an chéad chruinniú teicniúil an 25 Meán Fómhair. Tá tús curtha ag an gComhairle leis an obair ar a seasamh, agus tá plé fós ar siúl i gcomhthéacs na Meithle um Thearmann. Maidir leis an togra le haghaidh liosta an Aontais de Thíortha Sábháilte Tionscnaimh, tá dul chun cinn á dhéanamh sa Chomhairle maidir leis an bplé agus tá dul chun cinn á dhéanamh ag Uachtaránacht na Danmhairge maidir le togra comhréitigh. Tá a Rapóirtéir ceaptha ag Parlaimint na hEorpa, agus tionóladh dhá chruinniú theicniúla i mí Mheán Fómhair.

43 I measc na mBallstát a bhfuil dúshláin ghaolmhara rompu tá an Bheilg, an Chróit, an Eastóin, an Ghearmáin, an Ghréig, an Iodáil, Lucsamburg, an Ísiltír, an Pholainn, an Phortaingéil agus an Spáinn. An tráth céanna, i roinnt Ballstát, lena n-áirítear an Ostair, an Bhulgáir, an Chróit, an Chipir, an Fhionlainn, an Ghearmáin, an Liotuáin, Málta, an tSlóvaic agus an tSualainn, tháinig laghdú idir 24 % agus 50 % ar chásanna atá ar feitheamh sa tréimhse ó Mheitheamh 2024-Meitheamh 2025.

agus ganntanais foirne, i bhfianaise na spriocdhátaí giorraithe faoi na nósanna imeachta nua freisin.

Agus a gcórais á gcoigeartú acu, ní mór do na Ballstáit leanúint de rochtain éifeachtach ar nósanna imeachta tearmainn agus cur i bhfeidhm phrionsabal an non-refoulement a áirithiú.

I gcomhréir le Teachtaireacht 2024/570 maidir le cur i gcoinne bagairtí hibrideacha ó úsáid na himirce mar uirlis troda agus an tslándáil ag teorainneacha seachtracha an Aontais a neartú, ní mór na bearta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt ar an úsáid sin á baint as an imirce mar uirlis troda ag na teorainneacha leis an mBealarúis agus leis an Rúis lena mbaineann cur isteach tromchúiseach ar chearta bunúsacha, amhail an ceart chun tearmainn agus ráthaíochtaí gaolmhara, a bheith sealadach, comhréireach agus teoranta don mhéid a bhfuil fíorghá leis, agus a áirithiú go n-urramófar bunbhrí na gceart sin, agus cuspóirí leasa ghinearálta arna n-aithint ag an Aontas á gcomhlíonadh ag an am céanna.

**Bloc Tógála 5 – Nósanna imeachta níos éifeachtúla agus níos cothroime maidir le filleadh**

Mar chuid de na hiarrachtaí comhpháirteacha chun nósanna imeachta riaracháin a shimpliú agus a chuíchóiriú, mar aon le cinntí diúltacha maidir le tearmann a eisiúint mar aon le cinntí um fhilleadh[44], tá uasghrádú á dhéanamh ag na Ballstáit ar a gcórais náisiúnta bainistithe cásanna um fhilleadh agus tá bearta á ndéanamh acu chun an próiseas um fhilleadh a dhéanamh níos éifeachtaí.

Tá pleananna déanta ag roinnt Ballstát a n-acmhainneacht comhairleoireachta maidir le filleadh a mhéadú. I measc na mbeart eile tá Cláir um Fhilleadh Deonach Cuidithe, pleananna chun acmhainneachtaí daonna a mhéadú do na húdaráis a bhainistíonn nósanna imeachta um fhilleadh nó oifigí um fhilleadh a bhunú chun caidreamh idirinstitiúideach a éascú agus éifeachtúlacht nósanna imeachta um fhilleadh a mhéadú[45].

Déanfaidh Frontex, arna iarraidh sin ag na Ballstáit, a thacaíocht comhairleoireachta a neartú tuilleadh, ag díriú go sonrach ar náisiúnaigh tríú tír a bhfuil an ceart acu fanacht ar an gcríoch go dtí go ndéanfar athbhreithniú céadchéime ar a n-achomharc i gcoinne cinntí diúltacha tearmainn[46]. Ina theannta sin, tá Frontex ag obair ar oiliúint do speisialtóirí um fhilleadh maidir le comhar le tríú tíortha, córais TF um fhilleadh, agus comhairleoireacht maidir le filleadh agus athimeascadh. Leanann na Ballstáit uile d'úsáid ghníomhach a bhaint as clár Frontex an Aontais um Ath-imeascadh.

**Na príomhdhúshláin agus na chéad chéimeanna eile:**

Leanann an Coimisiún de thosaíocht a thabhairt maidir leis an gcaibidlíocht ar an Rialachán um Fhilleadh atá beartaithe a chur chun cinn[47], rud a mbeidh comhaontú tapa idir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle mar thoradh air, in aon chás roimh chur i bhfeidhm an Chomhshocraithe i mí an Mheithimh 2026. Tá an Comhordaitheoir um Fhilleadh ag obair chun lámhleabhar a fhorbairt maidir le sreafaí oibre éifeachtacha sa Nós Imeachta Teorann um Fhilleadh i mbliana. Ag an am céanna, tá seirbhísí an Choimisiúin, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, ag féachaint an bhféadfaí sásraí a bhunú chun tacú leis na Ballstáit sin nach bhfuil

[44] De réir Airteagal 37 de Rialachán (AE) 2024/1348.

[45] Áirítear leis sin an Ostair, an Iodáil, an Rómáin, an tSlóivéin (comhairleoireacht); An Chipir, an Bhulgáir agus an tSeicia (cúnamh um fhilleadh deonach agus ath-imeascadh (AVVR), maidir le hoifigí um fhilleadh: An Bhulgáir, an tSualainn.

[46] Féach Airteagail 38 agus 68 de Rialachán (AE) 2024/1348.

[47] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear comhchóras maidir le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach san Aontas a fhilleadh, agus lena n-aisghairtear Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2001/40/CE ón gComhairle agus Cinneadh 2004/191/CE ón gComhairle EUR-Lex - 52025PC0101 - GA - EUR-Lex.

cinntí um fhilleadh á n-eisiúint acu go fóill ag an am céanna leis na cinntí diúltacha maidir le tearmann chun acmhainneachtaí agus nósanna imeachta a fhorbairt chun é sin a dhéanamh.

Leanfaidh Frontex de chórais bainistithe cásanna um fhilleadh TF na mBallstát a mhapáil trí anailísí ar bhearnaí a dhéanamh agus trí chomhairle a thabhairt maidir le tuilleadh feabhais, chomh maith le féachaint le hidirnaisc a bhunú idir córais náisiúnta TF bhainistithe cásanna um fhilleadh de chuid Frontex agus na mBallstát. Ar bhonn níos leithne, tá meastóireacht á déanamh ag Frontex faoi láthair ar an mbealach is fearr chun a thacaíocht a oiriúnú do na Ballstáit chun filleadh éigeantach agus deonach a dhéanamh faoi chuimsiú an Chomhshocraithe. D'fhéadfadh sé go mbeadh i gceist leis sin bealaí breise fillte a bhunú, imeachtaí ó aerfoirt fhorimeallacha a éascú, agus an cumas freagairt go solúbtha do cheanglais ghearrfhógra le haghaidh cairteitiltí. Arna iarraidh sin do na Ballstáit, féadfaidh Frontex Oifigigh Choimhdeachta agus Tacaíochta um Fhilleadh Frontex (FRESO) agus sainfhoirne soghluaiste comhpháirteacha um fhilleadh a imscaradh freisin. Déanfaidh an Ghníomhaireacht cumhdach geografach Chlár Ath-imeasctha an Aontais a leathnú freisin.

**Bloc Tógála 6 – An fhreagracht a chur ag obair**

Ar an leibhéal cothrománach, tugadh na rialacha cur chun feidhme nua le haghaidh Rialachán (AE) 2024/1351 chun críche i mí Iúil, agus tá sé beartaithe iad a ghlacadh go críochnaitheach i mí Dheireadh Fómhair. Cumhdaítear leis na rialacha rialacha freagrachta chomh maith le gnéithe den sásra dlúthpháirtíochta. Sainítear iontu módúlachtaí an mhalartaithe faisnéise idir na Ballstáit chomh maith leis na sonraí praiticiúla maidir le cur chun feidhme éifeachtach na rialacha freagrachta a leagtar amach sa Rialachán sin ('rialacha Bhaile Átha Cliath') agus sa sásra dlúthpháirtíochta, lena ndéantar roinnt príomh-gharspriocanna ar fud bhloc tógála a sé agus seacht gcinn den Phlean Cur Chun Feidhme Coiteann a bhaint amach go héifeachtach.

Chun tacú leis na hathchóirithe ar na rialacha freagrachta faoi Rialachán (AE) 2024/1351, d'fhoilsigh EUAA dhá theimpléad le haghaidh foirmeacha maidir le teaghlach a lorg[48], Treoir Phraiticiúil maidir le teaghlach a lorg[49] agus an Treoraíocht maidir le cianagallaimh i mí Aibreáin 2025[50]. Tá an Ghníomhaireacht ag obair freisin ar athbhreithniú EUAA 'Treoir maidir le nós imeachta Bhaile Átha Cliath: caighdeáin agus táscairí oibríochtúla', atá beartaithe do 2026.

Leanann na Ballstáit d'athchóirithe a chur chun cinn, a leibhéil foirne a neartú, oiliúint a chur ar fáil maidir leis na rialacha freagrachta nua, saoráidí tiomnaithe a bhunú, nósanna imeachta a scagadh do ghrúpaí leochaileacha nó do theaghlaigh leochaileacha, agus a mbonneagar TF a uasghrádú[51]. Tá bearta á ndéanamh ag na Ballstáit freisin chun féidearthachtaí agus dreasachtaí le haghaidh gluaiseachtaí neamhúdaraithe a laghdú trí athchóirithe a dhéanamh ar a gcóras glactha (féach roinn 3.4 thuas), amhail ionaid Bhaile Átha Cliath a chruthú, agus trí athruithe reachtacha a úsáideann na forálacha nua maidir le srian ar shaorghluaiseacht, ach freisin trí chomhar déthaobhach níos fearr.

**Na príomhdhúshláin agus na chéad chéimeanna eile:**

48 Foirm maidir le Teaghlach a Lorg – Leanaí | Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann agus Foirm maidir le Teaghlach a Lorg — Daoine Fásta | Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann.

49 Treoir Phraiticiúil maidir le Teaghlach a Lorg Cuid 1: https://euaa.europa.eu/publications/practical-guide-family-tracing-part-i-principles-practices;; Treoir Phraiticiúil maidir le Teaghlach a Lorg Cuid II: https://euaa.europa.eu/publications/practical-guidefamily-tracing-part-ii-tracing-AMMR.

50 Treoraíocht EUAA maidir le Cianagallaimh: https://euaa.europa.eu/publications/guidance-remote-interviews.

51 Áirítear leis sin an Ostair, an Bheilg, an Bhulgáir, an Chróit, an Chipir, an tSeicia, an Eastóin, an Ghearmáin, Éire, an Iodáil, an Liotuáin, Málta, an Phortaingéil.

Ar leibhéal na mBallstát, tá dúshláin shistéamacha fós ann, go háirithe ganntanais phearsanra, carnadh riaráistí, acmhainneachtaí glactha neamhleora le haghaidh aistrithe isteach, agus éalú iarratasóirí. Chun cur chun feidhme iomlán an chórais nua a chosaint, tá sé ríthábhachtach comhartha soiléir a thabhairt nach féidir dul timpeall ar rialacha freagrachta.

Ós rud é go bhfuil coinníollacha i bhfeidhm chun go bhfeidhmeoidh aistrithe chuig Ballstáit uile agus uathu, agus i bhfianaise na rialacha is infheidhme, ba cheart iad sin a dhéanamh i leith na mBallstát uile. Tá sé sin tábhachtach don aistriú éifeachtach chuig na rialacha nua, agus d'fheidhmiú éifeachtach an timthrialla dlúthpháirtíochta bhliantúil.

Mar a cuireadh i bhfios go láidir sa Tuarascáil Bhliantúil Eorpach ar Thearmann agus Imirce agus sa Teachtaireacht roimhe seo maidir le staid na himeartha maidir le cur chun feidhme an Chomhshocraithe, ní mór do na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar aon srianta oibríochtúla nó acmhainne atá fós gan réiteach. Cuimsítear leis sin bearta a bhaineann le príomhbhloic thógála eile, go háirithe dálaí glactha agus deiseanna le haghaidh imeascadh luath. Tá dlúthbhaint aige freisin le cur chun feidhme éifeachtach Rialachán (AE) 2024/1358.

Bunaithe ar na rialacha nua, tá na bearta teicniúla agus oibríochtúla á bhforbairt anois ag eu-LISA le haghaidh na cumarsáide idir na Ballstáit trí DubliNet. Ina theannta sin, foilseoidh EUAA an t-athbhreithniú ar *Threoir EUAA maidir le nós imeachta Bhaile Átha Cliath*: *caighdeáin agus táscairí oibríochtúla.*

**Bloc Tógála 7 – An dlúthpháirtíocht a chur ag obair**

Is príomhsprioc insoláthartha den Chomhshocrú é seoladh an chéad Timthriall Bliantúil Bainistithe Imirce agus bunú an chéad Chomhthiomsaithe Dlúthpháirtíochta, atá fite fuaite le sraith freagrachta na n-athchóirithe. Sa Tuarascáil Bhliantúil Eorpach ar Thearmann agus Imirce, lena n-áirítear réamh-mheastachán ar theacht isteach freisin, soláthraítear an bonn fianaise don chinneadh cur chun feidhme ón gCoimisiún agus don Togra ón gCoimisiún le haghaidh gníomh cur chun feidhme ón gComhairle[52].

Leanadh den obair ullmhúcháin chun an sásra dlúthpháirtíochta a chur chun feidhme faoi chuimsiú an Ardáin Dlúthpháirtíochta, mar aon le hullmhú threoir phraiticiúil EUAA maidir le cur chun feidhme oibríochtúil na bhfritháireamh athlonnaithe agus freagrachta a mheastar a bheidh ann i mí an Mhárta 2026. Mar thoradh ar an obair chomhpháirteach leanúnach idir an Coimisiún, gníomhaireachtaí an Aontais agus na Ballstáit faoi chuimsiú Líonra an Treoirphlean[53], bhí toradh sásúil ann maidir le sonraí a tharchur agus a bhailiú chun críche an Timthrialla Bhliantúil Bainistithe Imirce, rud a chuir bonn láidir agus oibiachtúil sonraí ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar staid na himirce san Aontas.

**Na príomhdhúshláin agus na chéad chéimeanna eile:**

Sainítear na chéad chéimeanna eile sa Tuarascáil Bhliantúil Eorpach ar Thearmann agus Imirce. Níos tábhachtaí fós, beidh ar na Ballstáit teacht ar chomhaontú maidir le leibhéal foriomlán na dlúthpháirtíochta agus a ngealltanais a shainiú ag Fóram Ardleibhéil Dlúthpháirtíochta an Aontais, d'fhonn teacht ar chomhaontú maidir leis an gComhthiomsú Dlúthpháirtíochta. Ag an am céanna, tá ullmhúcháin ar bun laistigh den Choimisiún chun an

[52] Féach Airteagail 9, 11 agus 12 de Rialachán (AE) 2024/1351.

[53] Is é Líonra an Treoirphlean, táirge insoláthartha luath den Chomhshocrú, an creat oibríochtúil lena dtugtar le chéile páirtithe leasmhara ábhartha an Aontais chun faireachán a dhéanamh ar shreabha agus ar chásanna imirce agus chun iad a réamh-mheas. Bunaíodh é le Moladh (AE) 2020/1366 ón gCoimisiún an 23 Meán Fómhair 2020 maidir le sásra an Aontais um ullmhacht agus bainistiú géarchéimeanna a bhaineann leis an imirce, EUR-Lex - 32020H1366 - GA - EUR-Lex.

sásra dlúthpháirtíochta a oibríochtú, go háirithe trí oibriú i dtreo Fóram Dlúthpháirtíochta ar an Leibhéal Teicniúil a bhunú, agus sna Ballstáit chomh maith.

Tá bonn coiteann fianaise agus comhroinnt sonraí ríthábhachtach i gcónaí chun an Comhshocrú a chur chun feidhme go rathúil. Moltar do na Ballstáit leanúint de bheith ag obair i gcomhar le Gníomhaireachtaí an Aontais agus le Eurostat chun sonraí cruinne tráthúla a bhailiú agus a tharchur, agus na spriocdhátaí socraithe agus an sainmhíniú comhaontaithe ar na táscairí á n-urramú.Tá cuíchóiriú sonraí cosanta idirnáisiúnta ar siúl faoi láthair chun sraith aonair staidrimh Eorpaigh oifigiúil maidir le cosaint idirnáisiúnta a áirithiú[54]. Leanfar d’fheabhas a chur ar bhailiú agus ar cháilíocht sonraí, trí Rialachán (AE) 2024/1358 a ghlacadh freisin.

**Bloc Tógála 8 – Ullmhacht agus pleanáil theagmhasach**

Ghlac formhór na mBallstát a bpleananna teagmhasacha náisiúnta maidir le glacadh agus tearmann do EUAA agus thug siad fógra dóibh ina leith[55], tar éis caighdeáin choiteanna agus inchomparáide a leagan síos sa teimpléad a chuir EUAA ar fáil. Agus an méid sin á dhéanamh acu, bhain siad cloch mhíle thábhachtach eile amach a leagtar amach sa reachtaíocht.

An chuid is mó de na pleananna teagmhasacha náisiúnta ar tugadh fógra ina leith do EUAA, léiríonn siad croí-eilimintí an teimpléid (tearmann, glacadh agus mionaoisigh neamhthionlactha), cé go bhfuil leibhéil éagsúla iomláine agus soiléireachta ag baint leo[56]. Áiríodh i bhformhór na bpleananna freisin cásanna mionsonraithe ina raibh táscairí agus tairseacha soiléire, chomh maith le naisc idir na cásanna agus na bearta freagartha. Mínítear i bhformhór na bpleananna an nós imeachta chun na cásanna ábhartha a ghníomhachtú/a dhíghníomhachtú[57]. Bhí éagsúlacht freisin san fhorbhreathnú ar shocruithe rialachais, agus thug roinnt Ballstát aghaidh ar bhealach níos mionsonraithe ar an gcaoi a raibh baint ag údaráis éagsúla le ceapadh an phlean agus ar an gcaoi a mbeidh siad rannpháirteach i ngníomhachtú an phlean ar fud cásanna agus réimsí éagsúla.

**Na príomhdhúshláin agus na chéad chéimeanna eile:**

Tá an Coimisiún agus EUAA i dteagmháil leis na Ballstáit maidir le conas iomláine agus soiléireacht na bpleananna a neartú. Baineann roinnt réimsí ginearálta feabhais le táscairí dea-fhoirmithe agus intomhaiste a shainaithint ar bhealach níos fearr do gach cás. Ina theannta sin, ba cheart go gcuimseofaí sna pleananna bearta freagartha soiléire in aghaidh an limistéir agus an cháis. Áirítear leis sin an úsáid a d’fhéadfaí a bhaint as tacaíocht EUAA. Ba cheart bearta ullmhachta (e.g. lóistíocht agus ullmhú soláthair, stoc-charnadh, oiliúint nó acmhainneacht ghlactha mhaolánach) a dhéanamh chun acmhainneachtaí a áirithiú ar féidir iad a shlógadh ar bhealach solúbtha agus éifeachtúil agus iad a chur in iúl sa phlean teagmhasach.Cé gur léirigh beagnach gach Ballstát naisc le pleananna teagmhasacha ábhartha eile (e.g. teorainneacha, fillteacha), níor áiríodh na tagairtí sin i ngach ceann acu. Ní mhínítear i bhformhór na

---

[54] Cuireadh tionscadal comhpháirteach EUAA-EUROSTAT i bhfeidhm chun staidreamh maidir le cosaint idirnáisiúnta a chuíchóiriú.

[55] Níor thug an Pholainn ná an Ungáir fógra maidir lena bpleananna teagmhasacha do EUAA go fóill.

[56] Mar shampla, baineann saincheisteanna le heaspa tearmainn sa phlean (an Fhrainc); gan aon soiléireacht nó easpa soiléireachta maidir le bearta freagartha a bhaineann le mionaoisigh gan tionlacan (an Chipir, an Eastóin, an Ísiltír, an Phortaingéil, agus an Spáinn), bearta ullmhachta agus freagartha (an Chipir), easpa soiléireachta maidir le bearta de réir cásanna (an Eastóin, an Ísiltír). Dheimhnigh formhór na mBallstát sin go bhfuil sé beartaithe acu na pleananna a athbhreithniú agus a chur i gcrích chun iad a ailíniú níos fearr le teimpléad EUAA. Tá athbhreithniú á dhéanamh ag an gCipir, ag an Eastóin agus ag an Ísiltír ar a bpleananna cheana féin, le tacaíocht ó EUAA.

[57] An 30 Iúil 2025, scaipeadh tásca comhpháirteacha ar na Ballstáit chun fógra a thabhairt don Choimisiún agus do EUAA maidir le gníomhachtú agus díghníomhachtú an phlean sna cásanna dá bhforáiltear i dTreoir (AE) 2024/1346.

bpleananna an próiseas ná na gníomhaithe a bheadh rannpháirteach chun na hathbhreithnithe éigeantacha dá bhforáiltear i dTreoir (AE) 2024/1346 a áirithiú.

Mar a léirigh roinnt Ballstát, d'fhéadfadh na hullmhúcháin reachtacha agus riaracháin atá ar siúl faoi láthair maidir le teacht i bhfeidhm an Chomhshocraithe difear a dhéanamh fós d'ábhar a bpleananna teagmhasacha. Dá bhrí sin, iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit a áirithiú go dtabharfar a bpleananna cothrom le dáta, más gá, agus go dtabharfar fógra do EUAA fúthu faoi thráth theacht i bhfeidhm an Chomhshocraithe. Bheadh sé inmholta freisin fothú acmhainneachta agus tástáil na bpleananna a áirithiú.

**Bloc Tógála 9 – Coimircí nua d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta agus do dhaoine leochaileacha, agus faireachán méadaithe ar chearta bunúsacha**

Le cúpla mí anuas, shoiléirigh formhór na mBallstát a socruithe maidir le comhairleoireacht dhlíthiúil. I gcásanna áirithe, ní mór do na Ballstáit athruithe reachtacha a thabhairt isteach, athruithe atá á ndréachtú faoi láthair[58]. Ar an leibhéal oibríochtúil, cé go bhfuil roinnt tíortha ag leanúint ar aghaidh leis na socruithe atá ann cheana, tá athruithe á ndéanamh ag an gcuid is mó díobh, trí na socruithe atá acu cheana a leathnú nó trí shocruithe nua a bhunú. Tá sé beartaithe ag formhór mór na mBallstát oibriú le comhpháirtithe, le gníomhaireachtaí neamhspleácha agus/nó le dlíodóirí/comhlachas um chúnamh dlíthiúil[59]. Ar an gcaoi chéanna, tá comhpháirtithe nó socruithe institiúideacha sainaitheanta ag formhór na mBallstát anois chun an sásra faireacháin um chearta bunúsacha a chur i bhfeidhm. I bhformhór na gcásanna, sannfar an cúram d'ombudóirí atá ann cheana[60].

Maidir le coimircí, chuir EUAA bailchríoch ar na hábhair soláthair faisnéise a bhaineann leis na nósanna imeachta nua i mí Mheán Fómhair 2025 agus d'eisigh sé Treoir Phraiticiúil le haghaidh comhairleoireacht dhlíthiúil saor in aisce ag céim riaracháin an nós imeachta[61]. I gcás na mBallstát, go háirithe chun scagadh a thabhairt isteach, bhí gá le haird agus oiliúint athnuaite a bhaineann go sonrach le sainaithint agus freagairt leochaileachta[62]. Mar chuid den iarracht sin, tá seisiúin oiliúna á n-eagrú. Chun tacú le sainaithint luath agus le freagairtí leordhóthanacha agus comhchuibhithe, áirítear sa bhosca uirlisí scagtha nua thuasluaite (roinn 3.3) iarscríbhinn phraiticiúil maidir le réamhsheiceálacha leochaileachta a dhéanamh. Ina theannta sin, cuireadh oiliúint shaincheaptha ar fáil [63]. Tá bailchríoch á cur ag EUAA freisin ar an athbhreithniú ar an modúl oiliúna níos leithne "Réamhrá maidir le leochaileacht" chun reachtaíocht an Chomhshocraithe a léiriú. Maidir le fillteacha, tá feidhmchlár móibíleach á

---

58 Áirítear leis sin an Chipir, an Ostair, an Fhionlainn, an Spáinn, an Bhulgáir, an Ísiltír, an tSlóivéin, an tSualainn.

59 Amhail an Ostair, an Bhulgáir, an Eastóin, an Chróit (cé go bhfuil siad ag cur leis an gcóras atá ann faoi láthair), an tSeicia, Éire (an Bord um Chúnamh Dlíthiúil), an Iodáil, an Laitvia, an Liotuáin, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóvaic, an tSlóivéin, an Spáinn, an Ísiltír, an Ghearmáin agus an Fhionlainn, tá siad ag brath ar shocruithe inmheánacha.

60 I bhformhór na gcásanna, tá nó beidh an cúram sannta don ombudsman atá ann cheana (an Ostair, an Bhulgáir, an Chipir, an tSeicia, an Laitvia, an Liotuáin, an Eastóin, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóvaic, cé go bhfuil eisceachtaí ann amhail an Chróit, an Ísiltír. Sa Rómáin, tá an t-ombudóir tar éis dul i mbun an chúraim go foirmiúil cheana féin. Molann Éire go mbunófaí sásra maoirseachta neamhspleách trí Phríomh-Chigire do Nósanna Imeachta Tearmainn agus Teorann, le tacaíocht ó bhord comhairleach.

61 Faoi dheireadh na bliana aistreofar na hábhair soláthair faisnéise go 23 theanga de chuid an Aontais agus go 20 teanga nach teangacha de chuid an Aontais iad.

62 Mar shampla, tá tionscnamh seolta ag an Ostair chun oifigigh leochaileachta a bhunú agus chun an comhar le UNHCR a neartú.

63 "Leochaileacht sa Chomhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann", https://euaa.europa.eu/publications/euaa-tailor-made-training-plan-pact-migration-and-asylum.

fhorbairt ag Frontex, i gcomhar le páirtithe leasmhara eile, maidir le bheith ag obair le grúpaí leochaileacha, lena n-áirítear seiceáil leochaileachta freisin. An Ghníomhaireacht um Chearta Bunúsacha (dá ngairtear anseo feasta: FRA) a leanann de chomhairle a chur ar institiúidí an Aontais agus ar rialtais náisiúnta maidir le cearta bunúsacha.

Dhírigh na Ballstáit freisin ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le leanaí lena n-áirítear céimeanna chun glacadh leordhóthanach a áirithiú, i gcásanna áirithe athruithe ar nósanna imeachta measúnaithe aoise, chomh maith le tuilleadh rannpháirtíochta a bhaineann le ceapacháin chaomhnóireachta agus a maoirseacht[64].

**Na príomhdhúshláin agus na chéad chéimeanna eile:**

Ba cheart do na Ballstáit nach bhfuil socruithe sainithe acu go fóill a bhaineann le comhairleoireacht dhlíthiúil[65] nó leis an sásra neamhspleách um chearta bunúsacha[66] é sin a dhéanamh. Ba cheart do na Ballstáit uile aghaidh a thabhairt ar aon saincheisteanna atá fós gan réiteach a bhaineann le hinniúlacht agus neamhspleáchas leordhóthanach a áirithiú agus freagrachtaí soiléire agus cuntasacht a shainiú. Ciallaíonn sé sin nach ndéanfar an ról sin a roinnt i measc gníomhaithe éagsúla nó, i gcás ina roghnaítear socruithe ilchodacha, ról ceannasach a shainiú go soiléir. Ag tógáil ar a threoraíocht i mí na Nollag 2024 a bhaineann le bunú an tSásra féin, tá treoraíocht mhodheolaíoch á forbairt ag FRA faoi láthair le haghaidh obair na monatóirí ainmnithe a bheidh ann amach anseo.

Ní mór dul i ngleic le dúshláin fós maidir le grúpaí leochaileacha a óstáiltear laistigh den chóras glactha, amhail mionaoisigh neamhthionlactha agus íospartaigh an fhoréigin inscnebhunaithe. Ba cheart acmhainneachtaí glactha leordhóthanacha agus cuí a bheith i bhfeidhm do mhionaoisigh neamhthionlactha nár cheart, i bprionsabal, cóiríocht a thabhairt dóibh in éineacht le daoine fásta. Ba cheart do na Ballstáit iarrachtaí a mhéadú chun ionadaithe tráthúla agus leordhóthanacha a áirithiú do mhionaoisigh le linn gach céim den phróiseas tearmainn agus chun rochtain ar oideachas agus ar sheirbhísí sláinte a áirithiú do leanaí i gcomhréir leis an gComhshocrú. I gcórais chónaidhme, ní mór aird ar leith a thabhairt chun reachtaíocht agus cleachtas a ailíniú ar gach leibhéal rialtais.

Sa chéad chruinniú eile de ghrúpa saineolaithe an Choimisiúin maidir le himircigh ar leanaí iad, díreofar go príomha ar athchóirithe caomhnóireachta a cheanglaítear leis an gComhshocrú. I ndáil leis sin, tá FRA ag obair chun Lámhleabhar 2014 maidir le caomhnóireacht do leanaí neamhthionlactha a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir leis na forálacha a tugadh isteach leis an gComhshocrú. Fós i mbliana, foilseoidh EUAA nuashonrú ar Threoir 2018 maidir le Measúnú Aoise (an 3ú heagrán).

**Bloc Tógála 10 – Imeascadh agus bealaí dlíthiúla chun cosanta**

**Athlonnú agus bealaí dlíthiúla:** Thíolaic an Coimisiún a thogra le haghaidh an chéad dá bhliain de Phlean an Aontais um Athlonnú agus um Ligean Isteach ar Fhoras Daonnúil (dá ngairtear: plean an Aontais). Is é is aidhm don togra le haghaidh Phlean an Aontais líon iomlán na náisiúnach tríú tír nó na ndaoine gan stát a bhfuil cosaint de dhíth orthu a leagan amach, líon a bhfuil sé d'aidhm ag na Ballstáit iad a ligean isteach san Aontas in 2026 agus 2027. Léirítear ann an plé a rinneadh ag cruinnithe an Choiste Ardleibhéil um Athlonnú agus um Ligean Isteach ar Fhoras Daonnúil, na rannchuidithe deonacha a rinne na Ballstáit rannpháirteacha,

---

64 Sa chás sin, cuireann an Comhshocrú le hathchóirithe níos leithne: tar éis tréimhse phlódaithe lenar cuireadh i dtábhacht an gá atá leis an gcóras glactha a leathnú agus a athchóiriú, treiseofar córas láidir cosanta leanaí na hÉireann trí chur chun feidhme an Chomhshocraithe.

65 An Ghréig, an Ungáir.

66 Áirítear leis an dara ceann, ar chúiseanna éagsúla: An Danmhairg, an Fhionlainn, an Ghréig, an Ungáir, Málta, an tSlóivéin, an Spáinn, an tSualainn.

agus na Riachtanais Réamh-mheasta maidir le hAthlonnú Domhanda a shainaithin UNHCR. Sainaithnítear i bPlean beartaithe an Aontais na réigiúin ónar cheart ligean isteach teacht, agus é mar chuspóir roghanna malartacha inmharthana sábháilte ar thurais neamhrialta a chur ar fáil agus ról an athlonnaithe agus an ligean isteach ar fhoras daonnúil a neartú a thuilleadh chun comhpháirtíochtaí a thógáil le tríú tíortha.

Cuireann EUAA tacaíocht ar fáil do na Ballstáit a bhfuil riachtanais ghaolmhara acu agus tá an nuashonrú ar a mhodúil oiliúna maidir le conairí comhlántacha agus maidir leis an gcéim roghnúcháin i gcomhthéacs an athlonnaithe agus an ligin isteach ar fhoras daonnúil á thabhairt chun críche aige roimh an sceideal faoi dheireadh 2025.

**Tairbhithe cosanta idirnáisiúnta a imeascadh:** D'oibrigh formhór na mBallstát chun forálacha an Chomhshocraithe a bhaineann le himeascadh agus bearta um imeascadh luath a chur san áireamh ina bpróisis náisiúnta cur chun feidhme agus trasuite. Mar a tugadh faoi deara i mí an Mheithimh, thug roinnt Ballstát aghaidh ina bPleananna Cur Chun Feidhme Náisiúnta ar an ngá atá le níos mó infheistíochta a dhéanamh nó tacú le bearta breise um imeascadh, lena n-áirítear trí bhearta um imeascadh luath agus próiseas níos éifeachtúla a fhorbairt chun cáilíochtaí a aithint agus scileanna a bhailíochtú. Tá dul chun cinn déanta ag roinnt Ballstát maidir le straitéisí imeasctha náisiúnta[67] nó is é is aidhm dóibh iarrachtaí imeasctha a leathnú le cúrsaí imeasctha agus teanga nua nó a tharlaíonn ag céim níos luaithe[68].

**Na príomhdhúshláin agus na chéad chéimeanna eile:**

Beidh ar an gComhairle Plean an Aontais um Athlonnú agus um Ligean Isteach ar Fhoras Daonnúil a ghlacadh, bunaithe ar thogra an Choimisiúin, faoi dheireadh na bliana. Tá an Coimisiún réidh chun tacú leis na Ballstáit agus é á chur chun feidhme.

Tá beartas imeasctha atá feidhmiúil agus comhleanúnach, lena n-áirítear bearta um imeascadh luath, ina réamhriachtanas i gcónaí chun tacú le neamhthuilleamaíocht iarratasóirí, chun comhtháthú sóisialta a chothú agus chun ligean do thairbhithe cosanta idirnáisiúnta rannchuidiú leis na sochaithe óstacha a luaithe is féidir[69]. Cuidíonn sé freisin le dreasachtaí le haghaidh gluaiseachtaí neamhúdaraithe a laghdú.

In ainneoin a ríthábhachtaí agus atá siad, tá éagsúlacht mhór fós ag baint le bearta chun tacú le himeascadh, agus ní mór do roinnt Ballstát a n-iarrachtaí a mhéadú fós, go háirithe maidir le tacaíocht do rochtain ar thithíocht leordhóthanach, tacaíocht d'imeascadh i margadh an tsaothair, aitheantas do cháilíochtaí agus bearta um imeascadh luath a chur ar bun[70]. Chun éifeachtacht a dtacaíochta a mhéadú, ba cheart do na Ballstáit iarrachtaí breise a dhéanamh chun bearta oiriúnaithe a chur ar fáil do riachtanais shonracha agus deireadh a chur le bacainní do spriocghrúpaí amhail mná imirceacha, leanaí nó daoine a bhfuil riachtanais mheabhairshláinte acu, mar a léiríodh san athbhreithniú meántéarma ar an bPlean Gníomhaíochta maidir le himeascadh agus cuimsiú.

Leanann an Coimisiún de thacaíocht a thabhairt do bheartais imeasctha na mBallstát trí chistiú a chur ar fáil (lena n-áirítear le haghaidh imeascadh fadtéarmach faoi chistí comhtháthaithe an Aontais), trí threoir a fhorbairt agus trí chomhpháirtíochtaí il-leibhéil a chothú ina mbeidh

---

[67] Sheol Málta an Straitéis agus an Plean Gníomhaíochta um Imeascadh (2025-2030) i mí Eanáir 2025.

[68] Mar shampla, an Ostair, an tSeicia, an Eastóin, an Iodáil, Lucsamburg, an tSlóivéin.

[69] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún Plean Gníomhaíochta um Imeascadh agus Cuimsiú 2021-2027, COM(2020) 758 final, EUR-Lex - 52020DC0758 - GA - EUR-Lex.

[70] Amhail an Bhulgáir, an Chróit, an Chipir, an Ghréig, an Ungáir, an Laitvia, an tSlóvaic, an Rómáin.

imircigh, pobail óstacha, údaráis áitiúla agus réigiúnacha, comhpháirtithe sóisialta agus eacnamaíocha, an tsochaí shibhialta agus an earnáil phríobháideach rannpháirteach.

### CONCLÚID

Sna hocht mí amach romhainn, tá gá le dul chun cinn marthanach chun a áirithiú go dtiocfaidh athchóirithe an Chomhshocraithe i bhfeidhm go rathúil, lena gcuirfear bonn cobhsaí ar fáil do ghníomhaíocht an Aontais amach anseo maidir le bainistiú imirce agus tearmainn. Chuige sin, ní mór iarracht a dhéanamh anois agus beidh gá le hobair chomhchoiteann amach anseo.

Ba cheart díriú ar na dúshláin a leagtar amach sa tuarascáil seo, lena n-áiritheofar go bhfeidhmeoidh na córais dlúthpháirtíochta agus freagrachta, go mbeidh córais Eurodac réidh, go mbeidh socruithe i bhfeidhm don nós imeachta teorann, agus go n-áiritheofar acmhainneachtaí glactha leordhóthanacha ar fud na mBallstát uile. Gnéithe tábhachtacha eile den Chomhshocrú is ea faireachán ar chearta bunúsacha, comhairleoireacht dhlíthiúil agus forálacha nua maidir le coimircí do ghrúpaí leochaileacha.

Tá an Coimisiún fós ag gabháil go hiomlán don chonair sin agus leanfaidh sé dá chuid oibre ar an leibhéal cothrománach agus déthaobhach araon trí obair na bhfoirne tíre tiomnaithe.

Le seoladh an Timthrialla Bhliantúil Bainistithe Imirce, ní mór dul chun cinn a dhéanamh maidir le haghaidh a thabhairt ar na laigí atá ann cheana i gcóras Bhaile Átha Cliath agus chun cur i bhfeidhm iomlán chreat freagrachta Rialachán (AE) 2024/1351 a ullmhú. Ag an am céanna, rachaidh an obair chun cinn chun an Comhthiomsú Dlúthpháirtíochta a chur chun feidhme.

Ar leibhéal an Aontais, ní mór Straitéis Eorpach um Bainistiú Tearmainn agus Imirce a ghlacadh i mí na Nollag 2025. Cuirfidh an Straitéis seo leis na straitéisí náisiúnta a tharchuir na Ballstáit chuig an gCoimisiún i mí an Mheithimh, lena gcumhdaítear gnéithe inmheánacha agus seachtracha na himirce araon i gcur chuige cuimsitheach comhtháite.

Cuirfidh an Coimisiún an chéad ‘staid na himeartha’ eile maidir le cur chun feidhme an Chomhshocraithe faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle i mí an Mhárta 2026.